# Gairm in Earnáil na Gaeltachta

Tá éagsúlacht agus réimse leathan ról ar fáil sa Ghaeltacht sna seirbhísí poiblí éagsúla agus leis na cliantchomhlachtaí éagsúla a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Chruthaigh Údarás na Gaeltachta 945 post nua sa Ghaeltacht anuraidh, agus is cinnte go bhfuil méadú le teacht ar an uimhir sin sna blianta beaga atá romhainn, a bhuí le comhlachtaí ar nós Gteic, an mol digiteach is mó in Éirinn. Tá go leor féidearthachtaí ann le dul chun cinn a dhéanamh in earnáil na Gaeltachta mar phrintíseach, mar oibrí ginearálta nó mar bhall de ghairm phroifisiúnta. Más meicneoir, siúinéir, siopadóir, garda, dochtúir, altra, bainisteoir, cúntóir nó oifigeach thú, beidh daoine ag súil le seirbhís trí Ghaeilge uait.

**Samplaí de chursaí don earnáil seo:**

| Cód | Cúrsa | Cáilíocht | Institiúid/Ollscoil | Cód QR |
|---|---|---|---|---|
| GY208 | Tráchtáil le Gaeilge | BComm | Ollscoil na Gaillimhe | |
| MH101 | Staidéar ar na Meáin agus Staidéar Cultúrtha/ Gaeilge | BA | Ollscoil Mhá Nuad | |
| GY101 | Spáinnis/Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| GY122 | Cumarsáid agus Gaeilge | BA | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | Aistriúchán | Dioplóma Iarchéime | Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr | |
| | Bainistíocht & Gnó Digiteach | MSc | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) | |
| | Nua-Ghaeilge | MA | Ollscoil Mhá Nuad | |
| | Léann Teanga (Pleanáil Teanga) | MA/Ard-Dioplóma | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | An Cultúr Dúchais | Dioplóma | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | Pleanáil agus Buanú Teanga | Dioplóma | Ollscoil na Gaillimhe | |
| | Gaeilge | Dioplóma | Ollscoil Uladh | |

# Gairm in Earnáil na Gaeltachta



## An Phleanáil Teanga

"Is réimse oibre an-éagsúil, corraitheach agus suimúil í obair an Oifigigh Phleanála Teanga. Ní bhíonn aon dhá lá mar an gcéanna. Bíonn tú freagrach as Plean Teanga a fheidhmniú i gceantar áirithe, agus féadfaidh an Plean a bheith bainteach le gnónna, cumainn spóirt, daoine óga, na meáin, an teaghlach, oideachas, agus mórán eile. An sprioc leis an obair ná chun cur le líon na gcainteoirí laethúla Gaelainne sa cheantar.

D'fhéadfá a bheith ag bronnadh duaiseanna ar scoláirí meánscoile maidin amháin, a bheith ag eagrú ceardlann dos na gnónna um thráthnóna agus ansan ullmhú do chruinniú le polaiteoirí an mhaidin dár gcionn, mar shampla.

Deis is ea é obair a dhéanamh ar leas na Gaelainne, a bheith ag comhoibriú le grúpaí agus leis an bpobal chun sprioc fhíorthábhachtach a bhaint amach. Teastaíonn réimse leathan scileanna don bpost seo ach paisean chun gníomhú ar son na Gaelainne is ea an príomhrud."

***– John Prendergast, Oifigeach Pleanála Teanga Chiarraí Thiar***

**Oiliúint d'fheidhmiú an Phróisis Phleanála Teanga – Údarás na Gaeltachta:** Cúrsaí agus ceardlanna oiliúna do na hOifigigh Phleanála Teanga agus do na hOifigigh Cúnta atá fostaithe cheana féin agus a bheidh le fostú, i measc daoine eile.

















Físéan faoi ghairmeacha in earnáil na Gaeltachta:

Leabhrán Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG):

www.saoloibre.ie

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2023